Coláiste Náithí Naofa

Múineadh na Gaeilge

2010 – 2011

Ráiteas Misin

Bunaíodh Coláiste Náithí Naofa mar lár-ionad na foghlama. Déanaimid ár ndícheall an t-éiteas seo a chur I gcrích laistigh de thimpeallacht chríostúil chothaithe, a sholáthraíonn creideamh agus forbairt phearsanta chuile dalta.

Is cur chuige iomlánaíoch atá I gceist again agus feidhmíonn ár gcuid oibre agus imeachtaí na scoile chun na cuspóirí seo a bhaint amach.

Aidhmeanna don Ghaeilge

a) Go mbeadh leanúnachas do dhaltaí ó shiollabas na bunscoile go siollabas an Teastais Shóisearaigh chun go bhféadfaí gach a bhfuil sealbhaithe acu a leathnú, a dhoimhniú agaus a bhuanú ionas gur féidir leo tabhairt faoi shiollabas na h-Ardteiste le féin-mhuinín.
b) Go dtabharfaí aitheantas sa teagasc agus sa mheasúnú do na scileanna teanga:- labhairt, éisteacht, léamh, scríobh.
c) Go n-aithneofaí cúlraí agus cumais éagsúla na ndaltaí.
d) Go ndéanfaí gach iarracht cumas labhartha na ndaltaí a fheabhsú tríd an gcur chuige cumarsáideach.

Cuspóirí/Spriocanna

a) Deis a thabhairt do dhaltaí, an Ghaeilge a shealbhú de réir a n-achmainne.
b) Cumas ghaeilge na ndaltaí a fhorbairt sna mórscileanna.
c) Léargas a thabhairt dóibh ar chultúr agus saíocht ghaelach na h-Éireann – ceol, stair agus litríocht.
d) Meon dearfach a chothú ina measc i leith na gaeilge trí bhéim a chur ar chumarsáid.
e) Gach iarracht a dhéanamh féinmheas agus féinmhuinín na ndaltaí a chothú sna ranganna Gaeilge.
f) Taithneamh agus spreagadh a sholáthar do dhaltaí i gcomhthéasc na Gaeilge.

Dáileadh Ama

Tá cúig rang in aghaidh na seachtaine ag gach rang Gaeilge. Uaireanta tarlaíonn sé gurb í an Ghaeilge an rang teagaisc ag bliain aírithe. Ciallaíonn sé sin go mbeadh Gaeilge mar chéad rang gach maidin acu i rith na scoilbhliana.

Rogha

Is ábhar dualgais an Ghaeilge sa scoil. Déanann gach dalta í seachas daltaí a bhfuil cead díolúine ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta acu, mar gheall ar riachtanaisí speisialta nó deacrachtai foghlama .

Bliain 1, 2, 3, - Cúrsa an Teastais Shóisearaigh

Bliain 4 5 agus 6, - An Idirbhliain / Ardteist Ardleibhéal / Gnáthleibhéal / bonnleibhéal, an Clár Feidhmeach.

Clár Ama

5 rang in aghaidh na seachtaine:

1) 9.15 - 12.55: Ranganna 40 nóiméad
2) 1.30 – 3.50: Ranganna 35 nóiméad
3) Sa 3ú, 4ú, 5ú bliain déantar iarracht ranganna coordaitheacha a chur ar fáil do dhaltaí chun freastal ar chumais éagsúla na ndaltaí, agus deis a thabhairt dóibh Gaeilge a dhéanamh ag an leibhéal atá oiriúnach dóibh.

Sruthlú

Níl aon sruthlú déanta sa chéad bhliain, mion sruthlú déanta sa dara agus triú bliain chun freastal ar chumas daltaí áirithe, le féidireachtaí gluaiseachta ó Ardleibheál go Gnáthleibheál . Sna ranganna sinseareacha, bíonn ranganna ar siúl ag an am céanna ionas go mbíonn rang Ardleibhéal agus rang Gnáthleibhéal ar fáil do na daltaí.

Leibhéil

Bíonn dhá rang Ardleibheál don Teastas Sóisearach.
Don Ardteist Ardleibheál bíonn rang amháin nó uaireanta dhá rang.

Déantar gach iarracht líon na ndaltaí sna ranganna sinsearacha gnáthleibhéil a choimeád íseal.
Déantar an cúrsa bonnleibhéal sna ranganna gnáthleibhéil.

Eagrú Ranganna

Glaotar an rolla ag tús gach ranga. Suíonn daltaí ina bpéiri nó ina n-aonar agus saoirse ag múinteoirí iad a chur i ngrúpaí beaga.
Clár bán i bhformhór na seomraí ranga.

Téascleabhair – Acmhainní Éagsúla

	Téascleabhair	Acmhainní Éagsúla
Bliain 1 Acmhainní breise i ins na seomraí ranga	Fonn 1 Leabhar Saothair, Altanna ó irisí agus ó fhoinsí éagsúla. An dTuigeann Tú Anois É 1 Éist Aoibhneas Imithe Briongloídí Ie hÁine Ní Ghlinn Leabhar Filíoctha	Crosfhocail ón idirlíon. Scoilnet.ie www.beo.ie www.tobar.ie puzzlemaker.com Lúbra Ríomhaire glúine I ngach seomra. Córas Leathanbhanda ins na seomraí ranga Labhairt na teanga. Scríobh. Cluasthuiscint. Léamhthuiscint. Comhthathú ar na ceithre scil Teanglann á h- úsáid ag gach Múinteoir Tráth na gCeist. Comórtás Postaeirí - seanfhocail
Bliain 2	Fonn 2 An dTuigeann Tú Anois É (G.L) Foinsí éagsúla le	Físeanna digiteacha Dlúthdhioscaí le h-aghaidh filíochta agus ceoil, m.sh Éist

	h-aghaidh dánta agus gearrscéalta Scéalta Ré Ó Laighléis	Tadhg Mac Dhonnagáin TG4 player agus leithéidí Aifric is Feirm Factor á dtaispeáint.
Idirbhliain		Léiriú ar an drama 'An Triail' dvd ar faíl
Bliain 4 Athraithe ó 2012 ar aghaidh (cúrsa nua) Eist leis seo	Diogras GL, AL Fiúntas 1, 2 Draíocht 4, 5 An dTuigeann Tú Anois É 4 Foinse Drámaí le Seosamh Mac Gabhann	Téipeanna Díospóireachtaí Gael Linn www.beo.ie www.vifax(nuimaynooth.ie) www.focal.ie www.potafocal.com leathanach le suíomhanna idirlín air Gearrscannáin dvd Dréimire Irisí TG4 Player Gael Linn Treoirlínte NCCA
Bliain 6	Ar lean ón 4ú bliain. Dréimire Páipéir Scrúduithe An Triail A Thig ná Tit orm	TG4 Irisí Dlúthdhioscaí Gael Linn Treoirlínte NCCA Gearrscannáin Aifric – taifeadta Paisean faisin Ròs na Rún

		Nuacht Podchraoltaí

Córas Nua i Measúnú na Gaeilge ó 2012 I Leith.

Méadófar na marcanna don bhéaltriail ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal i scrúdú na hArdteistiméireachta ó 25% go dtí 40%. Laghdófar na marcanna don chluastuiscint go dtí 10% ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal araon agus bronnfar 50% de mhóriomlán na marcanna ar na páipéir scríofa.

Ag an mBonnleibhéal i scrúdú na hArdteistiméireachta, méadófar na marcanna don bhéaltriail Ghaeilge ó 25% go dtí 40%. Laghdófar na marcanna don chluastuiscint ó 30% go dtí 20%, agus bronnfar 40% de na marcanna ar an bpáipéar scríofa.

Maidir leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach, méadófar na marcanna don bhéaltriail Ghaeilge ó 33% go dtí 40%. Laghdófar na marcanna don chluastuiscint ó 30% go dtí 25%, agus bronnfar 35% de na marcanna ar an bpáipéar scríofa. Sa chás go ndéanann scoláirí an bhéaltriail sa chéad bhliain dá gclár sa tsraith shinsearach dóibh, beidh feidhm leis na socruithe nua ar riar na marcanna le héifeacht ó 2011.

Beidh feidhm leis na hathruithe chomh maith sa Teastas Sóisearach mar a leanfaidh an bhéaltriail Ghaeilge mar scrúdú scoilbhunaithe roghnach. I gcás bhéaltriail an Teastais Shóisearaigh, déanfar na marcanna a dhúbailt ó 20% go dtí 40%. Laghdófar na marcanna don chluastuiscint go dtí 10% agus bronnfar 50% de na marcanna ar an bpáipéar/na páipéir scríofa. Sa chás nach reáchtáltar béaltriail ar bith, bronnfar na marcanna ar bhonn an pháipéir/na bpáipéar scríofa agus na cluastuisceana amháin.

Tiocfaidh an scéim mharcála nua i bhfeidhm do scoláirí a bheidh ag clárú sa chéad bhliain in oideachas dara leibhéal i mí Mheán Fómhair 2007 agus beidh feidhm leis dóibh siúd a dhéanfaidh scrúdú an Teastais Shóisearaigh ó 2010 amach, agus dóibh siúd a dhéanfaidh scrúdú na hArdteistiméireachta ó 2012 amach.

An aidhm atá leis an méadú ar na marcanna sa mheasúnú ar an mbéaltriail ná athrú béime suntasach i leith na Gaeilge mar theanga labhartha a chur chun cinn, a chuirfidh ar chumas na scoláirí cumarsáid agus caidreamh a dhéanamh astu féin agus faoina mbeidh an Ghaeilge á labhairt gach lá i scoileanna. Ceapadh an méadú ar na marcanna don bhéaltriail roghnach mar chuid de scrúdú an Teastais Shóisearaigh ó 20% go dtí 40% ó 2010 amach mar spreagadh do bhreis scoileanna an rogha seo a chur ar fáil. **Á chur san áireamh a thábhachtaí is atá cumas labhartha i bhfoghlaim teanga, tá na scoileanna ar fad á spreagadh chun leas a bhaint as an rogha seo sa Teastas Sóisearach. Tá na sonraí maidir leis na socruithe reatha don bhéaltriail roghnach sa Teastas Sóisearach le fáil ag www.examinations.ie**

Athruithe ar Riar na Marcanna don Bhéaltriail Ghaeilge sna Scrúduithe Teistiméireachta

	Socruithe reatha			**Socruithe leasaithe**			
	Béal-triail	**Cluas-tuiscint**	**Scríofa**	**Béal-triail**	**Cluas-tuiscint**	**Scríofa**	Scrúdú don chéad uair

Teastas Sóisearach Béaltriail roghnach	20%	25%	55%	40%	10%	50%	2010
Ardteistiméireacht Gnáthleibhéal	25%	20%	55%	40%	10%	50%	2012
Ardteistiméireacht Ardleibhéal	25%	16.7%	58.3%	40%	10%	50%	2012
Ardteistiméireacht Bonnleibhéal	25%	30%	45%	40%	20%	40%	2012
Ardteistimeireacht Fheidhmeach	33%	30%	37%	40%	25%	35%	2011/2012

Daltaí le Riachtanais Speisíalta

Cloítear go dlúth le rialacha na Roinne maidir le daltaí nach ndéanann an Ghaeilge sa mheánscoil, daltaí a bhfuil cead oifigiúil acu gan Gaeilge a dhéanamh, daltaí a bhfuil díolúine acu ón Roinn Oidechais & Eolaíochta a dhéanamh. Téann said go múinteoir riachtanaisí speisíalta le linn na ranganna Gaeilge.

Sna ranganna sinsearacha bíonn daltaí bonnleibhéil sa rang céanna le daltaí gnáthleibhéil.

Bíonn teagbháil leanúnach idir múinteoir ábhair, múinteoir ranga, múinteoir na bliana agus an múinteoir treorghairme I gcás na ndaltaí le riachtanaisí speisialta.

Pleanáil le h-Ábhair Eile

Bíonn cruinnithe na ndámh go léir ar siúl go foirmeálta ar a laghad uair amháin gach dhá mhí. Anuas ar sin bíonn cruinnithe neamhfhoirmeálta ó am go h-am.

Comhoibriú idir múinteoirí ceoil agus ealaíne in eagrú comórtaisí póstaeir, Seachtain na Gaeilge, seó na Nollag.
Comhoibriú idir comhordaitheoir na h Idir bhliana agus múinteorí Gaeilge

Scrúduithe foirmeálta– amchlár

Saotharlann teanga

Fearas á roinnt, dlúthdhioscaí, dvd eanna

An Ghaeilge i Sochaí Iolchultúrtha

An fheasacht teanga – leas a bhaint as an taithi atá ag daltaí ar chórais teangacha eile.
Saibhreas an chultúir – smaointe agus tuairimí á roinnt.
Tionscnaimh
Caint
Fógraí
Freastal a dhéanamh ar fhorbairt phearsanta agus shóisíalta na ndaltaí.

Modhanna Múinteoireachta Éifeachtacha

Cur chuige cumarsáideach go h-iomlán tri Ghaeilge.

Ceithre scil – labhairt, cluasthuiscint, léamhthuiscint, scríobh a chomhtháthú le chéile.

Obair phéire / ghrúpaí Díospóireachtaí Gael Linn

Cluasthuiscint – éisteacht le téipeanna agus cómhrá bunaithe ar sin.

Léamhthuiscint – altanna topaiciúla a mbeadh suim ag daltaí iontú.

T.F.C. – is modh nua é í múineadh na Gaeigle. Ta nasc idirlin chuig suíomh ncte.ie againn

Méadú fóclóra – meaitseáil, lúbra crosfhocail, líon bearnaí.

Tráth na gceist / comórtas idir ranga.
Tionscnamh ar ábhair i raon spéise na ndaltaí – laochra spóirt / ceoil, rl

Aitric ar dvd ar fail anois & leabhar saothair ag dul leis.

Dlúthdhioscaí ceoil nó filí ag léamh a ndánta féin – téipeanna ar fáil ó Chló Iar-Chonnachta.

Úsáid a bhaint as osteilgeóir agus an saotharlann teanga.

Turas ranga go dráma le Fibín nó le cumann drámaíochta dála Aisling Gheal, m.sh. An Triail

Gearrscannáin – sna ranganna sinsireacha.

Dráma an Triail léirithe sa scoil.

Raon Acmhainní

Cúinne na leabhar ins na seomraí ranga.
Níl ionad foinsí ar leith againn don Ghaeilge sa scoil.

Nuachtáin – Foinse / Irish Times, Lá, An t-Idirlíon

TG4 - Player

Dlúthdhioscaí / téipeanna.

Póstaeirí

Gael Linn – Mise Éire / Saoirse

Oscail an Doras – duais-shraith Open Door.

Úrscéalta gearra ó Chló Iar-Chonnachta.

DVD an Triail

Áiseanna Teicneolaíochta

Teanglann – seisiún in aghaidh na seachtaine ag gach rang

Ríomhairí – leathanbhanda ar fáil

Teilifíseáin – físthaifeadáin – téipthaifeadáin

Osteilgeóir digiteach i gcuid de na seomraí.

Cúrsaí Sláinte agus Sábháilteacha

Treoracha i ngach seomra ranga i gcás éigeandála.

Cleachtadh déanta ar an gcóras ar a laghad uair amháin i rith na bliana.

Teas lárnach

Seomraí ranga scuabtha agus glanta gach uile lá.

Doras amháin.

Siollabas na Gaeilge. ***Clár agus Pleanáil***

Bliain 1: Topaicí a bhaineann le gnáthshaol na ndaltaí agus a dtimpeallacht.Na ceithre scil i leith foghlaim na Gaeilge caint,tuiscint,léamhthuiscint agus scríobh.

01 An Chlann
02 An Ceantar Áitiúil
03 Cúrsaí Scoile
04 Laethanta Saoire.
05 Ceól
06 Spórt.
07 Teilifís agus Scannáin.
08 Bia agus Béilí.
09 Sláinte – Tinneas – An Corp.
10 Féiltí Móra
11 Aimsir / Faisnéis na h-Aimsire
12 Uímhreacha agus Am.
13 Míonna agus Séasúir.
14 Contaetha / Cúigí.
15 Gramadach – Briathair – Aidiachtaí – Aimsir chaite & Aimsir láitheach.
16 Scúrdú Comónta ag deire na bliana

Bliain 2.

Forbairt ar na topaicí atá déanta sa chéad bhliain.
Breis béime ar scileanna ceapadóireachta idir cártaí poist, nótaí/riomhphoist, litreacha agus altanna/aistí gearra.
Litríocht – dánta gearra taitneamhacha
Gramadach – Aimsir Fháistineach agus athdhéanamh ar Aimsir Chaite agus Láithreach.
Na Briathair Neamhrialta.
Réamhfhocail.
Léamhthuiscint agus cluasthuiscint a théann leis an téascleabhar atá in úsáid.
Scrúdú Comónta ag deire na bliana

Bliain 3

Gnáthleibhéal – gach a bhfuil sealbhaithe ag na daltaí sa chéad is sa dara bliain a leathnú agus a dhoimhniú. Topaicí atá laistigh de raon speise na ndaltaí a phlé. Forbairt ar na bunscileanna – labhairt – éisteacht – léamh – scríobh.

Árdleibhéal:
Litríocht: úrscéal gearr / gearrscéalta
Dánta: Roghnaíonn an múinteoir saothair a oireann do chaighdeán an ranga.
Ceapadóireacht: aistí, comhráití, scéalta a cheapadh.
Gramadach:
1. Modh Coinníollach
2. An Briathar Saor

Bliain 4.

Deánaimid an cúrsa idirbliana faoi láthair.
An Triail – Léiriú air.

Bliain 5.

(A.T.G. L agus A.T.G.L 2011)
An siollabas don Ardteistiméireacht.
Filíocht agus Prós ainmnithe a dhéantar

Sruthlú déanta – ranganna Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil.

Déantar cuid dena topaicí sa cheathrú nó chúigiú bhliain agus cuid eile Bliain na hArdteistimeireachta

Bliant 4-6

Rangú na dTopaicí

1. An Dalta féin agus a Thimpeallacht
2. Cúrsaí Scoile agus Oibre
3. An Ghaeilge Timpeall Orainn
4. Saol an Duine Óig// an oige
5. Na Meáin Chumarsáide
6. Caitheamh Aimsire-an teilifís chun ár leasa? Cláracha réalaíocha?
7. Cúrsaí Oideachais
8. Fadhbanna Náisiúnta-Dífhostaíocht
9. Fadhbanna Sóisialta-Míbhuntáiste-Drugaí
10. Fadhbanna Idirnáisiúnta-Cogadh,Bochtaineacht,Ocras-Gorta
11. Poloaitíocht –Polaiteoirí
12. Ciniochas-Eachtrannaigh sa tír seo
13. Teicneolaíocht agus cúrsaí teicniúla
14. An Timpeallacht-Bratóg ghlas ag an scoil?
15. Éireannachas-An Ghaeilge ,Cultúr ,Iolrachas
16. Eorpachas—Aontas na hEorpa--féiniúlacht,aitheantas,sainiúlacht,ionannas
17. Na Miuontheangacha i mbaol a mbáis
18. Saint –Airgead-Saoltacht
19. Tír dheas í Éire ,is mór an trua faoi na daoine?-mar a chaithimid le seandaoine

20 Reiligiún i saol an lae inniu.

(Ardteistiméireacht Ardleibhéal--Don Ghnathleibhéal thart ar seacht dtopaic den liosta thuas.)

An siollabas ainmnithe a chríochnú.
An dráma 'An Triail' mar rogha do dhaltaí Ardleibhéil.
Ceisteanna móra sóisíalta á bplé leis na daltaí seo.
Topaicí éagsúla a bhaineann le saol déagóirí an lae inniú a phlé ionas go dtabharfaidh daltaí faoi scrúdaithe na h-Ardteiste le féin-mhuinín.
A Thig ná Tit orm

<u>Módhanna Cumarsáide</u>

Tagann na múinteoirí Gaeilge le chéile uair in aghaidh an téarma chun cúrsaí a bhaineann le Gaeilge a phlé.
Cruinnithe neamh-oifigiúla idir múinteoirí go minic.
Cruinnithe múinteoirí / tuismitheoirí uair in aghaidh na bliana.
De ghnáth, tugtar scripteanna scrúduithe arais chuig daltaí.

Eolas breise

Ceardlann le h-aíonna speisialta m.s.h Rẽ O Laighleìs I scrìbhneoireacht na Gaeilge.

Turais chuig leìrìúchain drámaíochta

Fibin-Cearrbhach Mac Cába, Fiche Bliain Ag Fás-sa Mhuileann gCearr

An Aisling Ghéar- An Triail in Amharclann Halla an Bhaile i Gaillimh.

Ríomhaire glúine, leathanbhanda I ngach seomra ranga

Fillteán ar an Ríomhaire í seomra na Múinteoirí agus gach acmhainn air.

Breisoiliúint Múinteoiri agus na Gaeilge sa T.F.C, 1 Mean Foímhair, 26ú Deire Fomhair ioú Márta.

Seachtain na Gaeilge, comórtaisí éagsúla.

Tráth na gCeist, Postaeirí

Tionscadal na chéad Bliana
'Logainmneacha

An Triail mar chuid de chomóradh 200 bliain, Coláiste Naithi Naofa

Carúil na Nollag, carúil as Gaeilge

Údar foilsithe í Ríona de Burca, Nótaí ar an Triail

Is scrúdaitheoirí cúnta iad triúr d'fhoireann na Gaeilge ag na scrúduibhe Stáit sa Ghaeilge A.T.

Daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu
Muinteoiri príomhshrutha

Tá ról lárnach ag múinteoirí príomhshrutha i gcuimsiú mac léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sa scoil phríomhshrutha a chur chun cinn go rathúil. Mura bhfuil dianchúis le heolas áirithe a choinneáil siar, ba cheart go mbeadh teacht ag múinteoirí príomhshrutha ar gach aon eolas a bhféadfadh baint a bheith aige le múineadh nó le maoirseacht mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige/aici, tuairiscí síceolaíochta agus doiciméid rúnda eile ina measc. Tá sé de fhreagracht ar an múinteoir príomhshrutha a dheimhniú go soláthraítear clár foghlama agus timpeallacht do gach mac léinn – agus iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san áireamh – a chuireann ar a gcumas an curaclam a rochtain agus a gcuid foghlama a chur chun cinn. Tá ról lárnach ag múinteoirí príomhshrutha in aithint mac léinn a d'fhéadfadh bheith i mbaol agus aird ball eile foirne a dhíriú orthu. D'fhéadfadh go dtiocfadh imní ar mhúinteoir faoin dul chun cinn ginearálta atá á dhéanamh ag mac léinn áirithe, faoin a d(h)úthracht, a c(h)umarsáid, a (h)iompar, nó a (h)idirghníomhú le mic léinn eile agus, dá thoradh sin, go ndéanfadh sí/sé oiriúnú don mhac léinn sin laistigh den rang. Mura maolaítear ar imní an mhúinteora tar éis di/dó an t-oiriúnú seo a fheidhmiú, ba chóir don mhúinteoir an cás a phlé le múinteoirí eile, leithéid an mhúinteora acmhainne nó an múinteoir tacaíochta foghlama, mar shampla. Ar deireadh thiar, mura n-éiríonn leis an idirghabháil a dhéantar sa scoil freastal go cuí ar riachtanais an mhic léinn, seans go mbeidh gá le tacaíocht a fháil lasmuigh den scoil, ón Seirbhís Tacaíochta don Oideachas Speisialta, ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, mar shampla, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó ó ghníomhaireachtaí eile.Is féidir le múinteoirí príomhshrutha páirt

ríthábhachtach a ghlacadh san obair trí thimpeallacht thacúil cúraim a chruthú sa scoil do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, timpeallacht a dhearbhaíonn gur féidir leis na mic léinn seo a gcuid foghlama a dhéanamh agus bheith páirteach i saol na scoile go ginearálta. Ba chóir difreálú a dhéanamh sa mhúinteoireacht, de réir mar is gá, chun freastal a dhéanamh ar riachtanais aonair agus d'aonghnó chun sroicheadh spriocanna atá leagtha amach i bpleananna aonair oideachais a éascú. Agus difreálú á phleanáil,féadfaidh an múinteoir príomhshrutha comhoibriú leis – agus comhairle agus cabhair a iarraidh ar – an múinteoir acmhainne, an múinteoir tacaíochta foghlama agus baill eile den bhuíon tacaíochta don oideachas speisialta, de réir mar a oireann. Moltar do mhúinteoirí príomhshrutha riachtanais na mac léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chur san áireamh nuair atá téacsleabhair á roghnú, ceachtanna á bpleanáil agus á múineadh, obair bhaile á leagan amach, nó trialacha seachtainiúla/deireadh-téarma á gceapadh dá ngrúpaí ranga. Ba cheart do mhúinteoirí príomhshrutha eolas cruinn a chur ar riachtanais speisialta oideachais na mac léinn ina gcuid ranganna agus páirt a ghlacadh, de réir mar a oireann, i leagan amach spriocanna foghlama i bplean aonair oideachais an mhic léinn, de réir mar a fheidhmítear na rannóga ábhartha den Acht Oideachais do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (2004). I suíomh an tseomra ranga, ba chóir do mhúinteoirí príomhshrutha gníomhaíochtaí oiriúnacha foghlama a sholáthar a chabhróidh leis na mic léinn seo a spriocanna a shroicheadh. Ba cheart don mhúinteoir príomhshrutha, thairis sin, páirt a ghlacadh san athbhreithniú ar na pleananna aonair oideachais do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, trí eolas a sholáthar ar an dul chun cinn atá déanta ag an mac léinn agus trí chomhoibriú le baill na buíne tacaíochta do riachtanais speisialta oideachais, má iarrtar sin. Níor mhór don mhúinteoir príomhshrutha freisin eolas a choinneáil leis na tuismitheoirí faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ag a leanaí, ag cruinnithe rialta tuismitheoirí is múinteoirí, i dtuairiscí scoile agus trí bheith ar fáil chun casadh le tuismitheoirí ó am go ham, de réir mar is gá. Féadfaidh múinteoirí príomhshrutha páirt a ghlacadh i bpleanáil forbartha scoile do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu trí phleanáil straitéiseach ag leibhéal na roinne ábhair laistigh den scoil. Féadfaidh múinteoirí ainmnithe áirithe ingach roinn ábhair dul i gcomhairle leis an múinteoir tacaíochta foghlama agus leis an

múinteoir acmhainne chun straitéisí múinteoireachta a aithint agus a fhorbairt chun a sainábhair a mhúineadh do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tríd an bpróiseas seo, is féidir ábhar agus scileanna agus stór focal atá tábhachtach i dtéarmaí an ábhair a aithint. Is féidir, chomh maith, straitéisí éifeachtacha múinteoireachta agus foghlama a aithint a d'fhéadfadh múinteoir príomhshrutha a úsáid nuair atá mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu á múineadh aici/aige, agus is féidir rochtain mac léinn mar sin ar shainábhair a éascú.

Difreálú sa rang príomhshrutha

Modh múinteoireachta is ea difreálú a chuireann ar chumas múinteoirí timpeallacht chuimsitheach thacúil foghlama a chur ar fáil sa seomra ranga do gach dalta. Na slite ina gcuireann múinteoirí na difríochtaí idir dhaltaí ó thaobh cumais, infheidhmeachta, cúrsaí suime agus taithí san áireamh, tá siad sin i gceist sa téarma "difreálú". Is é atá I gceist le múinteoireacht difreálaithe ná an raon leathan straitéisí, teicnící agus cur chuige a úsáidtear chun tacú leis an bhfoghlaim a dhéanann mic léinn agus chun cabhrú le gach dalta a (h)acmhainneacht a chomhlíonadh. Slí is ea difreálú chun an teacht atá ag na mic léinn go léir ar an gcuraclam a chur chun cinn, mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ina measc. Aithníonn múinteoireacht difreálaithe go ndéanann mic léinn a gcuid foghlama ag rátaí éagsúla agus ar shlite éagsúla. Is féidir difreálú a dhéanamh sa mhúinteoireacht, mar shampla, ó thaobh leibhéal deacrachta an ábhair, ó thaobh na slite a gcuirtear ceacht i láthair, ó thaobh luas ceachta, struchtúr an cheachta, stíl an cheistiucháin, an tsraith gníomhaíochtaí atá le déanamh ag an mac léinn, an teacht atá ag dalta aonair ar acmhainní breise, agus an teacht atá ag dalta aonair ar mhúinteoireacht bhreise tacaíochta. Gné bhunúsach den tuiscint ar mhúinteoireacht difreálaithe agus a húsáid is ea glacadh leis go bhfuil teacht ag gach aon mhúinteoir ar raon leathan straitéisí, teicnící agus cur chuige is féidir a úsáid, agus go dtuigeann siad cathain, agus cé leis, ba cheart straitéis, teicníc, nó cur chuige áirithe a úsáid. Maidir le difreálú do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, moltar cur chuige ginearálta mar seo a leanas a úsáid, de réir mar a oireann:

- spriocanna foghlama ag leibhéil oiriúnacha a leagan amach do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

□□gníomhaíochtaí agus acmhainní foghlama a sholáthar a bhfuil dushlán andóthain iontu agus ar cosúil go mbeidh rath agus dul chun cinn mar thoradh orthu
□□oiriúnú teicnící chur i láthair agus ceistiúcháin i dtreo go mbeidh mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chomh gafa agus is féidir béim a leagan ar fhorbairt na cainte
□□an t-ábhar atá á phlé a dhaingniú le samplaí praiticiúla ó thaithí an mhic léinn agus deiseanna a sholáthar do dhaltaí chun obair agus cleachtadh a dhéanamh le hábhair choincréideacha tógála
□□múinteoireacht aonair agus i ngrúpaí chun gafacht mac léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san fhoghlaim ag leibhéil oiriúnacha a éascú
□□teagasc breise a sholáthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scileanna tábhachtacha bunúsacha in ábhair éagsúla
□□anailís a dhéanamh ar dhearmaid in obair an mhic léinn chun sainachair deacrachta a aithint a bhféadfar díriú orthu i gceachtanna i ndiaidh na hanailíse
□□córas foghlama le comrádaithe a bhunú sa rang, ina mbeidh mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ag obair le páirtithe níos cumasaí, I ngrúpaí comhoibre nó de réir socruithe piartheagaisc. Tá teagasc pearsanta i gceist sa mhúinteoireacht difreálaithe chomh maith agus úsáidtear réimse meáite straitéisí, teicnící agus cur chuige i dtreo go ndéantar freastal ar riachtanais fhoghlama gach mic léinn agus go mbaineann na mic léinn go léir leas as an oideachas a chuirtear ar fáil. Tá tábhacht ar leith le teagasc difreálaithe i gcás mac léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, daltaí a bhfuil gá acu le saintacaíocht chun a n-acmhainneacht iomlán a chomhlíonadh.

Gaeilge-- Polasaí i Leith Measúnaithe agus Obair Bhaile

Aithníonn Foireann na Gaeilge i gColáiste Náithí Naofa go mbaineann dhá ghné suntasacha le obair bhaile,obair scríofa agus staidéar nó athdhéanamh.

Seo treoirlínte maidir leis an méid ama gur cheart do dhaltaí a chaitheamh ar an obair bhaile.

1d Bhliain –2+ uair an chloig

2a Bliain -2.30+uair an chloig

3ú Bliain-3+ uair

Idirbhliain -Tograí agus obair thionscnaimh mar a leagtar síos

Ardteist Fheidhmeach-Tascanna ,Tograí agus obair thionscnaimh is imscrúdaitheach mar a leagtar síos.

5ú Bliain -3.30+ uair

6ú Bliain-4 +uair

Moltar go dtabharfaidh an múinteoir ranga /ábhair ,treoirlínte agus moltaí i leith obair bhaile sa sainábhar faoi leith.Tugtar aistí agus measúnaithe nó tascanna fada le scríobh thar an deire seachtaine.Déantar gach iarracht gan an iomarca obair scríofa a thabhairt do dhaltaí agus ar a laghad é bheith comhordaithe le múinteoirí ábhar eile m.sh Béarla

Is deachleachtas é agus dualgasach ar na daltaí an obair bhaile a scríobh ina ndialanna. Moltar do mhúinteoirí daltaí sóisearacha ach go h-áirithe am an ranga a bhainistiú sa tslí is go mbeadh seans ag na daltaí aon shoiléiriú a bheadh ag teastáil a thabhairt dóibh roimh dheireadh an ranga.Cabhraíonn sé seo le daltaí a bhfuil riachtanaisí áirithe acu.

Is den riachtanas é go ndéantar an obair bhaile ar oíche an lae go marcáiltear an obair bhaile,gan é a fhágáil go dtí an chéad rang eile san ábhar.

Cuirtear tuismitheoirí ar an eolas má tá daltaí faillíoch i leith a gcuid oibre.Scríobhtar nóta foláireamh sa dialann sula leagtar síos pionós ar ndóigh.

<u>Measúnaithe //Scrúduithe.</u>

Déanann daltaí na chéad bliana agus na dara bliana scrúduithe comónta ag deire na bliana agus déantar na torthaí a thaifeadadh ag an múinteoir ábhair/ranga. Iontráiltear na torthaí i leabhrán na dtorthaí a théann abhaile agus bíonn tuairisc an mhúinteora ar dul chun cinn iniata leis an marc. Ag comhlíonadh moltaí na cigireachta Gaeilge(11/09) bíonn torthaí scileanna foghlama an dalta iniata sa mharc agus sa tuairisc sé sin i gcás teanga ,C.T-Cluaistuiscint,B.T-Cumas Labhartha agus C.S Cumas Scríofa .Táthar tosaithe ar an gcóras seo a chur i bhfeidhm ar an daltaí ins na blianta eile. Déanann daltaí sa cheathrú bhliain scr**údu cenn bliana com**ónte sa leibh**éal ábhartha. Déanann na daltaí measúnaithe míosúla agus déantar taifeadadh ar na torthaí ag na múinteoirí.Déanann siad scrúdaithe foirmeálta le h-aghaidh na Samhna,na Nollag,na Cásca agus an tSamhraidh. Téann na torthaí seo abhaile.Tugtar na scripteanna ar ais do na daltaí agus aiseolas ar na h-earráidí dá réir.**

I gcás daltaí na mblianta eile cuirtear an córas céanna i bhfeidhm.Déantar na h-ábhair nó na téamaí céanna agus Leantar na téacsleabhair chéanna . Bíonn an deis ag an dalta aistriú ó rang Gnáthleibhéal go hArdleibhéal gan stró mar gheall ar an gcóras comhordnaitheach a bhíonn ar siúl againn. Bíonn Réomhscrúduithe I mí feabhra don Teastas Sóisearach agus don Ardteist ag deire an tríú bhliain déantar amach lista de na daltaí agus an caigheán is oiriúnaí dóibh sa cheathrú bhliain.

Baineann daltaí agus múinteoirí Gaeilge na scoile leas an an tsaotharlann teanga le h-aghaidh measúnaithe béil.

<u>Múinteoirí Gaeilge</u>

Rióna De Búrca

Ailín Ni Chinnéide

Mairéad Ni Choncubhair

Áine Ní Bhriain

Imelda Ni Bhroin

Séamus Ó Coirleán

Caitríona Ni Standúin.